



Rewarding Learning

ADVANCED  
General Certificate of Education  
2009

---

## Tíreolaíocht

Aonad Measúnaithe A2 2

*ag measúnú*

Modúl 5: Próisis agus Saincheisteanna  
sa Tíreolaíocht Dhaonna

[A2G21]

DÉ MÁIRT 19 BEALTAINE, IARNÓIN

---

AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.  
Freagair **dhá** cheist.

Freagair ceist **amháin** as gach ceann den **dá** aonad roghnacha a ndearna tú staidéar orthu.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Moltar go láidir duit na ceisteanna a léamh agus a mheas sula roghnaíonn tú na cinn atá tú ag dul a fhreagairt.

Tá Leabhrán Áiseanna ag dul leis an pháipéar seo.

## Aonad A: An Éifeacht atá ag Athrú Daonra

- 1 (a) Pléigh an dóigh a mbíonn éifeacht ag **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas a thorthúlacht agus ar bhásmhaireacht:
- toisc eacnamúil;
  - toisc shóisialta;
  - toisc pholaitiúil;
  - toisc chultúrtha;
  - toisc thimpeallachta. [8]
- (b) Déan staidéar ar **Áiseanna 1A–C** (leathanaigh 2 agus 3 den Leabhrán Áiseanna) a bhaineann le héifeacht imirce ón Eoraip ar Oileán Prince Edward, Ceanada, ón 18ú haois.
- (i) Na hÁiseanna in úsáid **le cuidiú leat**, mínigh an dóigh a mbeadh éifeacht ag imirce isteach ar mhéid agus ar dháileadh daonra. [8]
- (ii) Bhí drochéifeacht ag imirce ón Eoraip ar dhaoine bundúchasacha an Oileáin Prince Edward, na Mi'kmaq. Sainaithin aon torthaí dearfacha, soláthar seirbhísí agus gníomhaíocht gheilleagrach san áireamh, do na Mi'kmaq sa lá atá inniu ann. [4]
- (c) Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile éifeachtaí **ceachtar acu an dá** pholasaí torthúlachta náisiúnta **nó an dá** pholasaí imirce náisiúnta a ndearna tú staidéar orthu. [15]
- 2 (a) Agus polasaithe torthúlachta agus imirce á mbunú, cé na saincheistean atá taobh thiar díobh? [4]
- (b) Mínigh barúlacha Ester Boserup sa díospóireacht ar inbhuanaitheacht daonra. [8]
- (c) Déan staidéar ar **Áiseanna 2A** agus **2B** (leathanach 4 sa Leabhrán Áiseanna) a phléann le básmaireacht mháthartha.
- (i) Na hÁiseanna in úsáid agat, pléigh na toiscí eacnamúla agus síosialta a bhfuil tionchar acu ar bhásmhaireacht mháthartha. [5]
- (ii) Cén teicníocht ghrafach a d'úsáidfeá leis na sonraí in **Áis 2B** a léiriú? Cosain do rogha. [3]
- (iii) Na hÁiseanna in úsáid **le cuidiú leat**, mínigh na codarsnachtaí domhanda i mbásmhaireacht, idir phatrúin (athrú thar spás) agus threochtaí (athrú thar am). [15]

### Aonad B: Mórcheisteanna san Éagsúlacht Eitneach

- 3 (a) Déan staidéar ar **Áiseanna 3A** agus **3B** (leathanach 5 den Leabhrán Áiseanna) a bhaineann le Tíomór Thoir.
- (i) Ghlac an Phortaingéil agus an Indinéis seilbh ar Thíomór Thoir ag amanna difriúla. Sainaithin an dá phróiseas a bhí i gceist agus mínigh na difríochtaí eatarthu. [4]
- (ii) Bhí an Indinéis sásta neamhspleáchas a thabhairt do Thíomór Thoir. Cad chuige, dar leat, nach raibh Tíomór Thoir sásta glacadh leis seo? [4]
- (iii) An choimhlint eitneach i dTíomór Thoir faoi riail na hIndinéise, níor chuir an pobal idirnáisiúnta mórán suime inti. Na hÁiseanna in úsáid **le cuidiú leat**, pléigh an fáth ar mó aird a tharraingíonn coimhlintí eitneacha áirithe ná cinn eile. [8]
- (b) Maidir le sochaithe a bhfuil éagsúlacht eitneach iontu, luaigh an difear idir feidearálachas agus imeascadh. [4]
- (c) Ag tagairt do chás-staidéar náisiúnta ar choimhlint eitneach i dtír fhorbartha **MEDC**:
- sainaithin cúiseanna na coimhlinte; agus
  - pléigh na torthaí agus na freagairtí ar an choimhlint sin. [15]
- 4 (a) Déan staidéar ar **Áiseanna 4A** agus **4B** (leathanaigh 6 agus 7 den Leabhrán Áiseanna) a bhaineann leis an Eilvéis.
- (i) Pléigh an dóigh ar coinníodh éagsúlacht eitneach san Eilvéis. [9]
- (ii) In **Áis 4A** luaitear gur airde na figiúirí dífhostaíochta maidir le heachtrannaigh ná le saoránaigh na hEilvéise. Cad chuige ar theicníocht staitistiúil chúil é chí cearnaithe leis an ráiteas seo a fhíorú? [3]
- (b) Mínigh an dóigh ar torthaí féideartha ar choimhlint eitneach iad **dhá cheann** ar bith acu seo a leanas:
- gluaiseacht dídeanaithe;
  - glanadh eitneach;
  - próisis síochána. [8]
- (c) “Tá roinnt tosca príomhúla agus tánaisteacha a bhfuil tionchar acu ar shainmhíniú na heitneachta.” Ag tagairt go ginearálta d’áiteanna mar léiriú, déan an ráiteas seo a phlé. [15]

**Aonad C: Pleanáil le haghaidh Lonnaíochtaí Inbhuanaithe**

- 5 (a) Cén dóigh a bhfeidhmíonn polasaí talaimh chosanta le méid agus fairsinge lonnaithe a theorannú? [6]
- (b) Cad é is caomhnú uirbeach ann agus cén dóigh a gcuidíonn sé le hinbhuanaitheacht uirbeach? [6]
- (c) Déan staidéar ar **Áiseanna 5A** agus **5B** (leathanaigh 8 agus 9 den Leabhrán Áiseanna) a mhíníonn an dóigh ar roghnaíodh Durieshill le haghaidh fáis faoi pholasaí “lonnaithe nua” in Stirling, Albain.
- (i) I dtéarmaí inbhuanaitheachta, ba é Durieshill an ceann ba mheasa de na 3 fhéidearthacht ar an ghearrliosta. Cad chuige? [3]
- (ii) I ndiaidh dóibh Durieshill a roghnú don fhorbairt 250 heicteár, is cóir do phleanálaithe é a chinntiú anois go mbeidh sé chomh hinbhuanaithe agus is féidir. Cén dóigh a ndéanfaí é seo? [6]
- (d) Polasaí an “lonnaithe nua” in Stirling, bhí sé le héileamh rialtais ar bhreis tithíochta a chomhlíonadh. Maidir le do chás-staidéar ar scála náisiúnta ina gcuirtear inbhuanaitheacht chun cinn go héifeachtúil, mínigh an dóigh a ndeachaigh reachtaíocht náisiúnta i bhfeidhm ar lonnaithe ann. [15]
- 6 (a) Cad is líonraí iompair imeasctha ann? [3]
- (b) Déan staidéar ar **Áiseanna 6A** agus **6B** (leathanach 10 den Leabhrán Áiseanna), a thugann sonraí ar pholasaithe bainistíocht tráchta in Durham agus i Londain.
- (i) Ag tagairt do **Áis 6A**, pléigh na hiarmhairtí dearfacha agus na hiarmhairtí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an táille ar bhrú tráchta in Durham láir. [6]
- (ii) Polasaí na táille ar bhrú tráchta i Londain (**Áis 6B**), ceapadh é go sonrach chun iompair phoiblí a chur chun cinn.
1. Luaigh an dóigh a bhfuil sé seo á chur i gcrích. [3]
2. I gcoitinne, is straitéis fhiúntach é iompar poiblí i dtaca le hinbhuanaitheacht de. Mínigh cad chuige. [8]
- (iii) Na hÁiseanna agus do chás-staidéar mionscála in úsáid agat, mínigh an dóigh a dtéann straitéisí tráchta agus iompair i bhfeidhm ar ghluaiseacht taobh istigh de lonnaithe. [15]

## Aonad D: Cineál Athraitheach na Gníomhaíochta Geilleagra

- 7 (a) Déan staidéar ar **Áis 7** (leathanach 11 den Leabhrán Áiseanna) a bhaineann le turasóireachta feadh chósta Mheánmhara na hEorpa.
- (i) An **Áis** in úsáid **le cuidiú leat**, pléigh na héifeachtaí sóisialta **agus** timpeallachta diúltacha a bheadh ag turasóireacht ar réigiún. [8]
- (ii) Tarraing léaráid lipéadaithe de shamhail an timthrialla táirge. Cuir síos go hachomair ar an dóigh ar féidir an tsamhail seo a chur i bhfeidhm ar fhorbairtí turasóireachta i réigiúin amhail cóstaí Mheánmhara na hEorpa. [8]
- (b) Pléigh dóigh **amháin** ar féidir turasóireacht a bhainistiú le hinbhuanaitheacht a chur chun cinn. [4]
- (c) Ag tagairt do chás-staidéar ar scála áitiúil/réigiúnach a thaispeánann athrú talmhaíoch:
- cuir síos ar na hathruithe a tharla;
  - pléigh an dóigh a ndeachaigh na hathruithe seo i bhfeidhm ar shochaí thuaithe agus ar an timpeallacht. [15]
- 8 (a) Déan staidéar ar **Áis 8** (leathanach 12 den Leabhrán Áiseanna) a bhaineann le tionscal na gcarranna sa Bhreatain.
- (i) Pléigh na héifeachtaí is dócha a bheidh ag druidim na monarchan MG Rover ar an tsochaí agus ar an timpeallacht in Longbridge. [6]
- (ii) Maíonn **Áis 8** go raibh athlonnú na déantúsaíochta thar lear ar cheann de na cúiseanna ar druideadh an mhonarcha carranna agus na monarchana páirteanna bainteacha ag Longbridge. An **Áis** in úsáid **le cuidiú leat**, mínigh cad chuige a dtarlódh an t-athlonnú seo. [10]
- (b) Mínigh an dóigh a laghdófaí ar bhithéagsúlacht mar gheall ar athruithe i modhanna talmhaíochta. [4]
- (c) “I saol an lae inniu, is minic a imeasctar gníomhaíochtaí geilleagracha i bhfiontair ilnáisiúnta.” Ag tagairt do do chás-staidéar ar scála domhanda ar imeascadh ceartingearach, pléigh an ráiteas seo. [15]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---



